Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13237/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0429(NLE)**

**TRANS 622**
**EU-GNSS 32**
**MAR 172**
**AVIATION 237**
**ESPACE 106**
**RELEX 1291**
**CSC 429**
**COREE 7**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 7211/19 + COR 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 5256/19 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Comhair maidir le Córas Domhanda Sibhialta um Loingseoireacht Satailíte (GNSS) idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile chun aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Cróite agus an Rómáin leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh<br>- Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. Is toradh é an Comhaontú Comhair maidir le Córas Domhanda Sibhialta um Loingseoireacht Satailíte (GNSS) idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile ar shainordú a thug an Chomhairle don Choimisiún i mí Iúil 2005.

2. Tar éis an chaibidlíocht a thabhairt chun críche go rathúil, ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir le síniú an Chomhaontaithe Comhair an 1 Meán Fómhair 2006. Síníodh an Comhaontú Comhair an 9 Meán Fómhair 2006.

3. Ina dhiaidh sin, ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhair an 6 Meitheamh 2016 agus foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é an 15 Meitheamh 2016 [1].

4. Chun aontachas na Bulgáire, na Cróite agus na Rómáine leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an síniú agus togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Comhair thuasluaite an 4 Eanáir 2019.

5. Ghlac an Chomhairle an Cinneadh[2] maidir le síniú an phrótacail an 18 Márta 2018, agus síníodh an Prótacal[3] an 26 Meán Fómhair 2022, faoi réir a thabhairt i gcrích dáta is faide anonn.

6. Scrúdaigh an Mheitheal um Iompar - Ceisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an tabhairt i gcrích agus tháinig sí ar chomhaontú ina leith ag an gcruinniú a bhí aici an 13 Deireadh Fómhair 2022.

7. Rinne seirbhísí dlí agus teanga na Comhairle athbhreithniú ar théacs an Chinnidh ón gComhairle maidir leis an tabhairt i gcrích.

8. Dá bhrí sin, d'fhonn ullmhú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, iarrtar ar Coreper a mholadh don Chomhairle, i mír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, cinneadh a dhéanamh an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, mar atá in 6739/19 + COR 1 chomh maith le téacs an Phrótacail atá in 6756/19 a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

---

[1] IO L 157, 15.6.2016, lch. 19.
[2] 6738/19
[3] 6756/19